Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Márta 2024**
**(OR. en)**

**8327/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0304(COD)**

**EDUC 104**
**SOC 240**
**EMPL 141**
**MI 374**
**ECOFIN 370**
**DIGIT 94**
**JEUN 69**
**SPORT 33**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 135 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>**maidir le cur chun feidhme agus tionchar Chinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018**<br>**maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE**<br>**(arna tíolacadh de bhun Airteagal 9 de Chinneadh (AE) 2018/646)** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 135 final.

Faoi iamh: COM(2024) 135 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.3.2024
COM(2024) 135 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir le cur chun feidhme agus tionchar Chinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018**

**maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE**

**(arna tíolacadh de bhun Airteagal 9 de Chinneadh (AE) 2018/646)**

{SWD(2024) 71 final}

## Clár na n-ábhar


1. Réamhrá ........ 1

1.1 Europass agus cur chun feidhme Europass ........ 1

1.2 Forbhreathnú ar an modheolaíocht mheastóireachta ........ 2

2. Príomhthorthaí agus Conclúidí na Meastóireachta ........ 3

2.1 Éifeachtacht ........ 3

2.2 Éifeachtúlacht ........ 5

2.3. Comhleanúnachas ........ 6

2.4 Breisluach AE agus tionchar ........ 7

2.5 Ábharthacht ........ 7

3. Ceachtanna a foghlaimíodh ........ 8

# 1. RÉAMHRÁ

Sa tuarascáil seo cuirtear torthaí i láthair ó mheastóireacht an Choimisiúin Eorpaigh ar Chinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE[1]. Ag gabháil léi tá an doiciméad inmheánach oibre lena ndéantar measúnú ar a mhéid atá Europass éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach, ar a mhéid a sholáthraíonn sé breisluach AE agus ar a mhéid atá sé fós ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Thairis sin, leis an meastóireacht rinneadh athbhreithniú ar ghlacadh Europass agus ar an tionchar níos leithne atá aige ar mhargadh saothair na hEorpa agus ar bheartais um scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Rinneadh scrúdú léi ar ghnéithe éagsúla lena n-áirítear trédhearcacht agus inchomparáideacht níos fearr ó thaobh cáilíochtaí, scileanna agus inniúlachtaí de, agus comhsheasmhacht na scileanna agus na n-uirlisí cáilíochta éagsúla. Leis an meastóireacht, déantar scrúdú freisin ar a mhéid a sholáthraíonn Europass rochtain ar fhaisnéis agus treoraíocht maidir le deiseanna fostaíochta agus foghlama agus maidir leis na scileanna a éilítear sa mhargadh saothair. Cumhdaítear leis an meastóireacht an tréimhse ó 2018, nuair a glacadh Cinneadh Europass, go dtí 2022. Díríonn sí ar 2020 nuair a seoladh an t-ardán nua agus ina dhiaidh sin. Cumhdaítear le raon feidhme geografach na meastóireachta na 27 mBallstát den Aontas, an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) chomh maith le tíortha arb iarrthóirí iad agus tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí faoina gcomhaontuithe a cuireadh i gcrích leis an Aontas.

## 1.1 Europass agus cur chun feidhme Europass

Tá Europass ar cheann de na 12 ghníomhaíocht den Chlár Oibre Scileanna don Eoraip 2020[2], arb é is aidhm dó cuidiú le daoine aonair agus gnólachtaí níos mó scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt chun tacú le huas- sciliú agus athsciliú. Rannchuideoidh sé sin le haistrithe glasa agus digiteacha atá cóir ar bhonn sóisialta a bhaint amach. Thairis sin, tacaíonn ardán Europass go díreach leis an Limistéar Eorpach Oideachais agus le Deacáid Dhigiteach na hEorpa.

Ba é ab aidhm do Chinneadh 2018 feabhas a chur ar Europass agus é a fhorbairt ó bheith ina thairseach a chuireann teimpléid in- íoslódáilte ar fáil go dtí tairseach atá bunaithe ar sheirbhís. San fhorbairt sin rinneadh breithniú ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht agus ar athruithe ar an margadh saothair, ar chórais oideachais agus oiliúna, agus ar athruithe ar an tsochaí i gcoitinne, a bhí tar éis teacht chun cinn ó seoladh Europass den chéad uair in 2004.

Sheol an Coimisiún ardán Europass nua i mí Iúil 2020. Is é is cuspóir dó ardán uile- Aontais ar líne a sholáthar, lena gcuirtear rochtain ar fáil d'úsáideoirí ar réimse uirlisí agus seirbhísí ar

[1] Féach Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle - an 18 Aibreán 2018 - maidir le creat comhchoiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE.

[2] Féach EUR-Lex - 52020DC0274 - GA - EUR-Lex (europa.eu).

líne. Is féidir le foghlaimeoirí, oibrithe, cuardaitheoirí poist agus saorálaithe iad a úsáid chun a scileanna, a gcáilíochtaí agus an taithí atá acu a chur in iúl agus a chur i láthair go soiléir agus go comhsheasmhach ar fud na hEorpa. Ar na páirtithe leasmhara eile áirítear soláthraithe oideachais agus oiliúna, cleachtóirí treorach, fostóirí, seirbhísí poiblí fostaíochta, comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oibre don óige, eagraíochtaí don óige, eagraíochtaí saorálaithe, agus lucht ceaptha beartas.

Is 'ionad ilfhreastail' é Europass nua le haghaidh roinnt uirlisí agus seirbhísí de chuid an Aontais atá ann cheana, a thacaíonn leis an malartú faisnéise agus le tuiscint ar scileanna agus cáilíochtaí, lena n-áirítear leo siúd a bhfuil gá leo le haghaidh soghluaisteachta, oiliúna agus infhostaitheachta.

Cé go raibh roinnt mhaith de na huirlisí, seirbhísí agus faisnéis atá ar Europass curtha chun feidhme agus curtha ar fáil ar an ardán nuair a seoladh é i mí Iúil 2020, cuireadh uirlisí breise leis ina dhiaidh sin, amhail na Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama i mí Dheireadh Fómhair 2021, an Uirlis féinmheasúnaithe do scileanna digiteacha i mí na Nollag 2021 agus an uirlis um Threochtaí maidir le Poist agus Scileanna[3] i mí an Mheithimh 2023.

Déantar na huirlisí agus seirbhísí éagsúla a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, agus táthar ag baint níos mó úsáid as intleacht shaorga agus anailís sonraí chun an t-ardán a shaincheapadh a thuilleadh do riachtanais úsáideoirí, e.g. trí mholtaí pearsantaithe maidir le deiseanna fostaíochta agus foghlama. Is é is aidhm dó sin feabhas a chur ar sheirbhís an ardáin d'úsáideoirí deiridh chun próifílí, scileanna, cáilíochtaí agus suimeanna a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le deiseanna fostaíochta, foghlama, agus oibre deonaí, etc.

Tá na cúraimí a leagtar amach i gCinneadh Europass á gcur chun feidhme ag na Ballstáit go príomha trí na Lárionaid Náisiúnta Europass , a bhí ann cheana féin roimh Chinneadh Europass 2018. Déantar na lárionaid a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta, oibríonn siad go neamhspleách agus cómhaoinítear iad trí dheontais ón Aontas. Tacaíonn siad le húsáideoirí agus cuireann siad chun cinn an doiciméadú scileanna agus cáilíochtaí trí Europass. Ar an iomlán, rannchuidíonn siad leis an tacaíocht oibríochtúil agus cur chun cinn a thugtar do Europass, agus rannchuidíonn siad lena fhor-rochtain náisiúnta agus le nascadh an ardáin le húsáideoirí aonair agus a riachtanais.

## 1.2 Forbhreathnú ar an modheolaíocht mheastóireachta

Cuireadh chun feidhme cur chuige modhanna measctha[4] lenar comhcheanglaíodh sonraí príomhúla agus tánaisteacha mar chuid den staidéar seachtrach a thacaíonn leis an meastóireacht[5]. Áiríodh leis sin athbhreithniú doiciméad ar na doiciméid agus litríocht oifigiúil ábhartha, anailís sonraí (sonraí úsáideora ardán Europass, sonraí costais a

---

[3] Tagraíodh don uirlis um Threochtaí maidir le Poist agus Scileanna mar 'Uirlis Faisnéise Scileanna' le linn na céime forbartha.

[4] Áirítear tuilleadh faisnéise maidir le huirlisí bailithe sonraí, grúpaí páirtithe leasmhara a chumhdaítear agus an líon freagróirí sa doiciméad inmheánach oibre, roinn 1.2 'Forbhreathnú ar an modheolaíocht' agus Iarscríbhinn V 'Tuarascáil achoimre'.

[5] Féach '*Study supporting the Europass ex-post evaluation*' [Staidéar lena dtacaítear le meastóireacht *ex-post* Europass], Verian Group (Kantar Public a bhí air roimhe sin) (https://op.europa.eu/en/web/general-publications).

sholáthraíonn an Coimisiún, anailís ar chuardach Google agus na meáin shóisialta), bailiú sonraí príomhúla cainníochtúla (trí shuirbhé spriocdhírithe ar úsáideoirí agus neamh-úsáideoirí Europass, fostóirí, agus soláthraithe oideachais agus oiliúna) agus léargas cainníochtúil ó agallaimh dhoimhne le páirtithe leasmhara, barúlacha cáilíochtúla spriocdhírithe neamh- úsáideoirí, comhairliúchán poiblí agus glao ar fhianaise[6].

Rinneadh loighic idirghabhála[7] a fhorbairt, chomh maith le maitrís mheastóireachta, mar chuid den meastóireacht sin. Leis an maitrís rinneadh nasc idir na critéir mheastóireachta agus an loighic idirghabhála agus baineadh úsáid as na príomheilimintí chun ceisteanna taighde a tharraingt suas.

Baineann ceann amháin de dhúshláin na meastóireachta le hathruithe struchtúracha idir creat Europass roimh 2018 agus creat 2018, ag a bhfuil raon feidhme i bhfad níos leithne (agus ar seoladh ardán nua in 2020 mar thoradh air). D'fhág sé sin nárbh fhéidir comparáid a dhéanamh idir na creata ach go páirteach. Bhain dúshlán eile le gráinneacht na sonraí a bhí le fáil chun an staidéar tacaíochta a ullmhú.

Mar chuid den mheastóireacht sin, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit ar bhonn tráthrialta trí Ghrúpa Comhairleach Europass[8].

## 2. PRÍOMHTHORTHAÍ AGUS CONCLÚIDÍ NA MEASTÓIREACHTA

Sa roinn seo tugtar achoimre ar thorthaí agus conclúidí na meastóireachta maidir le tionchar agus cur chun feidhme Chinneadh Europass i gcomhréir leis na cúig chritéar a leagtar amach sna treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr: éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht.

### 2.1 Éifeachtacht

I dtéarmaí éifeachtachta, tá meas ag úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar ardán Europass nua mar ionad ilfhreastail a thugann le chéile scileanna, cáilíochtaí agus uirlisí soghluaisteachta lucht saothair. Tá roinnt eilimintí de Europass neamhiomlán (faisnéis maidir le cáilíochtaí agus deiseanna foghlama) toisc go bhfuil sonraí ó údaráis náisiúnta fós ar iarraidh. Leis an uirlis um Threochtaí maidir le Poist agus Scileanna, a cuireadh amach i mí an Mheithimh 2023, táthar ag coinne leis go neartófar próiseas comhtháthaithe an ardáin a thuilleadh le tionscnaimh agus foinsí sonraí eile.

Léirítear leis an suirbhé úsáideora agus neamhúsáideora go bhfuil difríochtaí ann maidir le glacadh uirlisí agus seirbhísí Europass. Is iad CV Europass agus Litir chumhdaigh Europass na huirlisí Europass is mó a bhfuil cáil orthu agus is minice a úsáidtear. Úsáideann an chuid is

[6] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13323-Lifelong-learning-and-career-management-evaluation-of-Europass-since-2018/public-consultation_ga.

[7] Féach Fíor 10 (Loighic Idirghabhála maidir le Europass) in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an doiciméad inmheánach oibre.

[8] Is comhlacht comhairleach ar leibhéal an Aontais é Grúpa Comhairleach Europass atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara. Chuir an Coimisiún Grúpa Comhairleach Europass ar bun chun tacú le Cinneadh Europass a chur chun feidhme.

mó d'úsáideoirí Europass (76 % díobh) an CV agus an litir chumhdaigh go minic nó uaireanta. Go ginearálta meastar gur áisiúil iad uirlisí agus seirbhísí Europass. Síleann formhór na bhfreagróirí ón gcomhairliúchán poiblí (ar a laghad 80 %) go bhfuil na huirlisí agus na seirbhísí áisiúil nó an- áisiúil, agus tá an meas is mó acu ar CV Europass (90 %). Baintear úsáid ar bhonn níos lú as feidhmiúlachtaí eile, amhail iarratais a chruthú agus a rianú, na teimpléid fhorlíontacha, an Uirlis féinmheasúnaithe do scileanna digiteacha agus na Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama (bhain 37 %, 31 %, 28 % agus 28 % faoi seach d'úsáideoirí Europass a ndearnadh suirbhé orthu úsáid go minic nó uaireanta as na huirlisí sin). Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na huirlisí éagsúla difriúil ó thaobh cineáil de agus go bhfuil spriocghrúpaí acu atá beagáin difriúil, rud a d'fhéadfadh na difríochtaí sna huimhreacha a mhíniú. Tugann sé sin le tuiscint go dteastaíonn níos mó anailíse a dhíríonn ar na bunchúiseanna atá leis an úsáid níos ísle sin. Tugann sé le tuiscint freisin nach mór uirlisí éagsúla Europass a chomhtháthú ar bhealach níos fearr le córas anailíse sonraí feabhsaithe chun moltaí saincheaptha níos fearr a sholáthar d'úsáideoirí maidir le bheith ag obair agus ag foghlaim san Eoraip.

Le Europass soláthraítear uirlisí, seirbhísí agus faisnéis a thacaíonn le soghluaisteacht foghlama agus oibre daoine aonair san Aontas agus a éascaíonn caighdeánú trasteorann. Leis na huirlisí agus seirbhísí tá úsáideoirí in ann faisnéis phearsanta a chur i láthair agus a scileanna, cáilíochtaí agus torthaí foghlama a dhoiciméadú i bhformáid chaighdeánaithe Eorpach i suas le 31 theanga. Baineann fostóirí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna úsáid as Europass go príomha mar uirlis chun tacú le soghluaisteacht agus eolas, scileanna agus inniúlachtaí a chur i láthair ar bhealach caighdeánaithe. Thairis sin, léiríodh le hagallaimh le páirtithe leasmhara AE agus náisiúnta go measann siad den chuid is mó gur ardán é Europass a thacaíonn le soghluaisteacht le haghaidh deiseanna oibre agus foghlama san Aontas. Bhí agallaithe den tuairim freisin go dtacaíonn Europass le cur chun feidhme beartas Eorpach eile (e.g. cláir shoghluaisteachta an Aontais).

Tá Europass éifeachtach chun creat comhchoiteann a chothú maidir leis an trédhearcacht agus aithint scileanna agus cáilíochtaí i measc na mBallstát. Braitheann sé sin ar roinnt eilimintí: an nasc leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí, foilsiú na faisnéise maidir le cáilíochtaí agus deiseanna foghlama (cé go bhfuil obair fós á déanamh sa réimse sin), na teimpléid fhorlíontacha choiteanna, agus na Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama.

Déantar cumarsáid maidir le Europass ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, faoi stiúir na Lárionad Náisiúnta Europass. Ba é an toradh a bhí air sin go rabhthas in ann plé go rathúil le húsáideoirí deiridh agus páirtithe leasmhara. Léiríonn sonraí ardáin méadú substaintiúil ar an líon úsáideoirí cláraithe tar éis sheoladh an ardáin nua (chruthaigh úsáideoirí níos mó ná 4,5 milliún próifíl faoi dheireadh 2022). Faoin 31 Eanáir 2023, tháinig thart ar 32,4 milliún cuairteoir uathúil[9] go dtí an t-ardán nua agus bhí níos mó ná 261 mhilliún amharc leathanaigh thar 58,8 milliún seisiún faighte ag an ardán.

Ní hionann an fheasacht atá ar Europass ó thír go chéile. Bunaithe ar shuirbhé úsáideora agus neamhúsáideora a rinneadh in 10 tír, is iad an Phortaingéil, an Rómáin, agus an Chróit na

[9] Is éard is cuairteoir uathúil ann aon duine a thugann cuairt ar an ardán ó sheoladh IP sonrach. Ní dhéantar iad a chomhaireamh ach uair amháin, fiú i gcás ina dtugann siad cuairt ar an ardán trí phróifílí éagsúla.

tíortha is fearr atá ar an eolas faoi Europass: Bhí eolas ar Europass ag 88 %, 79 % agus 77 % faoi seach de fhreagróirí ar an suirbhé. 2 tír ina bhfuil níos lú eolais ar Europass is ea an Fhrainc agus an Ghearmáin (24 % agus 19 % faoi seach)[10]. Bunaithe ar shonraí ardáin 2022 agus staidreamh Eurostat maidir le daonra an Aontais, tá an chuid is mó d'úsáideoirí Europass san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa Rómáin (ó thaobh líon iomlán de). Óstálann na tíortha sin sciartha níos airde freisin de phróifílí Europass i gcomparáid leis an daonra iomlán. Is iad 4,5 %, 1,9 %, agus 1,8 % faoi seach na céatadáin de phróifílí in aghaidh na tíre (as an daonra iomlán) maidir leis an bPortaingéil, an Rómáin, agus an Iodáil. Tá céatadáin sách ard de phróifílí ann freisin (as an daonra iomlán) i Málta, sa Chróit, sa tSlóivéin agus sa Laitvia. Ar na tíortha ag a bhfuil céatadáin sách íseal d'úsáideoirí Europass (as an daonra iomlán)áirítear an Danmhairg, an tSualainn, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Pholainn, an Fhrainc agus Éire[11]. D'fhéadfaí níos mó gníomhaíochtaí a dhéanamh chun Europass a chur chun cinn sna tíortha sin ina bhfuil eolas air ach ina n-úsáidtear ar bhonn níos lú é, ón gCoimisiún agus ó Lárionaid Náisiúnta Europass na dtíortha sin araon.

Tá an chuid is mó d'úsáideoirí Europass faoi bhun 35 bliana d'aois agus tá oideachas maith orthu. Tá an- tóir ar Europass ag daoine óga atá i dtús a ngairmeacha agus ba cheart cur leis an saintréith áirithe sin. Is lú de bheagán an líon ban ná an líon fear i measc na n-úsáideoirí. Tá leibhéal éigin de thaithí oibre ag formhór na n-úsáideoirí. I dtéarmaí theangacha na bpróifílí, is é an Béarla an teanga is mó a úsáidtear, agus ina dhiaidh sin an Iodáilis, an Phortaingéilis agus an Rómáinis. Ní fheictear na teangacha eile ann chomh minic céanna.

Tá feabhas tagtha ar inrochtaineacht an ardáin ón tráth a seoladh é. Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna fós ann a dhéanann difear do ghrúpaí difriúla daoine, lena n-áirítear daoine a bhfuil níos lú scileanna digiteacha acu, daoine níos sine agus daoine faoi mhíchumas. Feictear easpa scileanna digiteacha mar an phríomhbhacainn inrochtaineachta.

Mheas dhá thrian de rannpháirtithe ón gcomhairliúchán poiblí go raibh an t-ardán éasca le húsáid. Mar sin féin, d'ardaigh freagróirí saincheisteanna freisin maidir lena chastacht, rud a íslíonn soláimhsitheacht agus iomasacht an ardáin dar leo.

## 2.2 Éifeachtúlacht

I dtéarmaí an bhuiséid a leithdháiltear chun Europass a fhorbairt agus a chur chun feidhme, leis an méadú suntasach ar úsáideoirí nua ó seoladh an t-ardán i mí Iúil 2020 (cruthaíodh 150 000 próifíl gach mí ar an meán idir mí Iúil 2020 agus mí na Nollag 2022) agus le cobhsaíocht na gcostas a bhfuil coinne léi sna blianta atá romhainn, rud atá nasctha le haibíocht an ardáin agus cur i gcrích fhormhór na n-uirlisí, ba cheart go mbeidh laghdú ar an gcostas in aghaidh na próifíle Europass (costas in aghaidh na próifíle Europass breise in 2022: EUR 1,22). Tháinig feabhas ar chostéifeachtacht an ardáin idir 2021 agus 2022, agus táthar ag coinne leis go leanfar den fheabhsú sin toisc go mbíonn costais imeallacha ísle ag ardáin dhigiteacha de ghnáth le haghaidh úsáideoirí breise.

[10] Bunaithe ar shuirbhé úsáideora agus neamhúsáideora a rinneadh in 10 tír: an Ghearmáin, an Spáinn, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Phortaingéil, an Pholainn, an Rómáin, an tSualainn.

[11] Chun forbhreathnú iomlán a fháil ar sciar na bpróifílí Europass in aghaidh an Bhallstáit mar chéatadán den daonra iomlán, féach Iarscríbhinn VII den doiciméad inmheánach oibre.

Ó bhí 2018 ann, tá an rialachas níos éifeachtúla ná riamh mar gheall ar struchtúr il- leibhéil níos stóinsí agus dáileadh níos leithne na bhfreagrachtaí agus na gcúraimí ón gCoimisiún chuig na Ballstáit agus ar fud roinnt eagraíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Léirigh páirtithe leasmhara agus Lárionaid Náisiúnta Europass an gá atá le níos mó acmhainní mar gheall go bhfuil cúraimí breise ann le cumhdach agus mar gheall go soláthraíonn an t-ardán nua níos mó uirlisí agus seirbhísí ná an ceann roimhe sin. Ó tharla gurb amhlaidh go bhfuil cúraimí breise á ndéanamh le buiséad[12] atá comhchosúil leis an gceann a bhí ann sular seoladh an t-ardán i mí Iúil 2020, is léiriú é sin go bhfuil feabhas ann ó thaobh na costéifeachtachta de.

Aithníonn páirtithe leasmhara go bhfuil go leor oibre déanta chun feabhas a chur ar sholáimhsitheacht Europass agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna teicniúla. Áirítear leis sin laghdú suntasach ar an líon fabhtanna a thuairiscigh úsáideoirí deiridh sa dara leath de 2022 agus sa chéad leath de 2023. Measann páirtithe leasmhara gur gá díriú níos mó ar shaincheisteanna teicniúla an ardáin a réiteach seachas uirlisí nua a fhorbairt a thuilleadh. Chuideodh sé sin leis an ardán a dhéanamh níos feidhmiúla, níos feiceálaí, agus níos éasca le húsáid.

### 2.3. Comhleanúnachas

Tá Europass comhleanúnach leis an gcomhthéacs beartais níos leithne. Tacaíonn ardán Europass go díreach leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip, leis an Limistéar Eorpach Oideachais agus le Deacáid Dhigiteach na hEorpa. Bíonn roinnt mhaith tionscnamh den Chlár Oibre Scileanna don Eoraip ag brath ar Europass ar mhaithe lena gcur chun feidhme praiticiúil ar leibhéal an Aontais, e.g. faisnéis scileanna. Ina theannta sin, cuireann Europass le tosaíochtaí an Limistéir Eorpaigh Oideachais, is iad sin feabhas a chur ar cháilíocht, cothromas, cuimsiú agus rathúlacht san oideachas agus san oiliúint do chách agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht a fhíorú do chách. Ar deireadh, an éabhlóid a tháinig ar Europass ó ardán ar a raibh cúig theimpléad doiciméid go dtí réiteach digiteach ar ionad ilfhreastail é, tá sí ailínithe go díreach le Deacáid Dhigiteach na hEorpa.

Tá Europass nasctha go dlúth leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí toisc go ndearnadh faisnéis maidir leis an gcreat agus na huirlisí (uirlis chomparáide, idirnascadh na gclár cáilíochtaí náisiúnta) a chomhtháthú le Europass. Tá Europass ailínithe freisin leis na tosaíochtaí a ghlac Coimisiún von der Leyen: ‘Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach’ agus ‘Geilleagar a fhóireann do dhaoine’. Ina theannta sin, tá sineirgí agus idir- inoibritheacht theicniúil láidir ag Europass le huirlisí agus tionscnaimh an Aontais maidir le fostaíocht, oideachas, oiliúint agus treoraíocht, amhail EURES, an tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), Erasmus+ agus EQAR (an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas). Sa chomhthéacs seo, d’fhéadfaí níos mó sineirgí a chruthú idir Europass agus na hardáin AE agus náisiúnta siúd a chuireann uirlisí agus seirbhísí chomhchosúla ar fáil (mar shampla, maidir le faisnéis scileanna, faisnéis maidir le gairmthreoir, faisnéis oideachais agus oiliúna agus faisnéis maidir le margadh an tsaothair). I gcomhar leis an Údarás Eorpach Saothair (ELA), d’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh i sineirgí breise le EURES: déantóir CV agus próifíle aonair, aitheantais fhisiúla a ailíniú agus

[12] Ar an iomlán, dheonaigh an Coimisiún thart ar EUR 6 mhilliún do na Lárionaid Náisiúnta Europass don tréimhse sular seoladh an t-ardán i mí Iúil 2020 agus don tréimhse ina dhiaidh (i.e. 2018-2020 agus 2021-2023).

brandáil ar leithligh a choinneáil ar bun an tráth céanna, nascleanúint fheabhsuithe idir an dá ardán agus a áirithiú go gcomhlánaíonn na seirbhísí ar an dá ardán a chéile.

### 2.4 Breisluach AE agus tionchar

Soláthraítear breisluach le Europass trí uirlisí agus seirbhísí uathúla, ilteangacha agus caighdeánaithe atá saor in aisce chomh maith le rochtain ar fhaisnéis maidir le deiseanna fostaíochta, deiseanna foghlama agus cáilíochtaí. Cuidíonn uirlisí caighdeánaithe le fostóirí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna ar fud na mBallstát agus tíortha Europass eile cúlraí oideachasúla agus gairmiúla na n-iarrthóirí a thuiscint níos fearr agus comparáid a dhéanamh orthu agus a scileanna a mheaitseáil le riachtanais an phoist.

Mar thoradh air sin, tacaíonn Europass le soghluaisteacht foghlama agus soghluaisteacht lucht saothair iarrthóirí thar theorainneacha agus dá bhrí sin, cuidíonn sé chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas. Ina theannta sin, cuidíonn uirlisí agus seirbhísí caighdeánaithe Europass chun comhionannas deiseanna a chruthú i measc iarratasóirí poist. De réir rannpháirtithe na mbarúlacha cáilíochtúla, is amhlaidh an cás go háirithe maidir le daoine óga atá ag aistriú ón oideachas agus ón oiliúint go dtí an margadh saothair.

Baintear úsáid as Europass faoi láthair mar chuid chaighdeánaithe d’iarratais earnála poiblí i roinnt tíortha Eorpacha (e.g. an Phortaingéil, an Rómáin agus an Iodáil). D’fhéadfadh ról fíor-riachtanach a bheith ag Europass freisin maidir le huirlisí agus seirbhísí a chaighdeánú laistigh den tír chéanna, i gcás ina bhfuil difríochtaí i mbeartais margaidh saothair idir réigiúin. Thairis sin, le Europass líontar bearnaí sa mhargadh, i gcás nach bhfuil roghanna malartacha náisiúnta ar fáil.

A mhéid a bhaineann le húsáid Europass san earnáil phríobháideach, tá eolas ar Europass ag 66 % d’fhostóirí a d’fhreagair an suirbhé agus baineann 44 % díobh úsáid as. Bíonn níos mó comhsheasmhachta agus inchomparáideachta ann maidir le scileanna ar fud tíortha Eorpacha mar thoradh ar chaighdeánú. Trí ghlacadh Europass a chur chun cinn, d’fhéadfaí cuidiú leis teacht chun bheith ina chaighdeán ní hamháin do riaracháin phoiblí ach do thionscnaimh an Aontais, do chláir shoghluaisteachta agus d’institiúidí éagsúla lucht saothair, oideachais agus oiliúna freisin.

Measann formhór na bhfreagróirí ón gcomhairliúchán poiblí (77 %) gurb é an buntáiste is mó a bhaineann le Europass na seirbhísí saor in aisce a sholáthraítear, agus ina dhiaidh na teimpléid chaighdeánaithe agus na gnéithe ilteangacha den ardán (66 % agus 65 % faoi seach).

### 2.5 Ábharthacht

Is dócha go leanfaidh Europass de bheith ábhartha mar gheall ar an ngá atá ann cáilíochtaí agus scileanna na ndaoine a thuiscint i gcomhthéacs Eorpach agus i bhfianaise an tábhacht a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair a chothú ar fud an Aontais agus i bhfianaise forbairtí sa digitiú. Chuige sin, bheadh sé tábhachtach córas anailíse sonraí Europass a fhorbairt a thuilleadh. Leis sin féadfar úsáid a bhaint as sonraí idirghníomhaíochta úsáideora ó uirlisí éagsúla an ardáin chun moltaí maidir le bheith ag obair agus ag foghlaim san Eoraip a phearsantú.

Soláthraítear faisnéis agus treoraíocht maidir le deiseanna fostaíochta trí uirlis EURES um chuardach poist agus soláthraítear faisnéis a bhaineann go sonrach le tír ar leith ar Europass agus EURES araon. Le tuilleadh faisnéise a bhaineann go sonrach le hearnáil nó tionscal ar leith, d'fhéadfaí tarraingteacht agus ábharthacht uirlisí Europass a mhéadú a thuilleadh.

A mhéid a bhaineann sé le faisnéis maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht thrasnáisiúnta chun críoch foghlama, bíonn Europass ag brath ar na Ballstáit agus tíortha Europass chun faisnéis maidir le cáilíochtaí agus deiseanna foghlama a sholáthar.

Daoine óga atá ag tosú amach ina ngairmeacha, chomh maith le daoine ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus tíortha ar iarrthóirí iad agus tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí), braitheann siad go bhfuil faisnéis maidir le deiseanna fostaíochta agus deiseanna foghlama an- ábhartha[13].

Le treoraíocht níos saincheaptha, d'fhéadfaí ábharthacht uirlisí Europass a mhéadú a thuilleadh. Le moltaí pearsantaithe maidir le deiseanna fostaíochta, d'fhéadfaí cuidiú freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus ganntanais lucht saothair. D'éileofaí leis sin tuilleadh faisnéise náisiúnta maidir le gairmthreoir, rud a d'fhéadfaí a chomhtháthú le Europass dá úsáideoirí.

Cuidíodh le hilroinnt sa réimse seo a laghdú trí chomhtháthú a dhéanamh ar roinnt scileanna, uirlisí cáilíochta agus uirlisí soghluaisteachta lucht saothair a bhíodh neamhspleách ar a chéile go nuige seo, agus trí uirlisí nua a thabhairt isteach freisin (e.g. an Uirlis féinmheasúnaithe do scileanna digiteacha). Tá páirtithe leasmhara ag lorg tuilleadh idir- inoibritheachta le hionstraimí agus tionscnaimh eile an Aontais. Mar sin féin, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir castacht agus soláimhsitheacht an ardáin chun rólódáil le huirlisí éagsúla atá spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara seachas ar úsáideoirí deiridh a sheachaint.

Cuireann Europass le trédhearcacht, le tuiscint choiteann ar scileanna agus cáilíochtaí agus le hinchomparáideacht. Sa chomhthéacs sin, measann úsáideoirí agus páirtithe leasmhara na Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha le haghaidh Foghlama a bheith iontach ábhartha, ós rud é go n-áirithítear idir- inoibritheacht agus go seachnaítear ilroinnte i réimse atá fós á fhorbairt le caighdeáin an Aontais.

## 3. CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Tacaíonn Europass le cuspóirí **Bhliain Eorpach na Scileanna** chun **ábharthacht scileanna** a neartú agus chun uaillmhianta, riachtanais agus tacair scileanna daoine a mheaitseáil le riachtanais agus deiseanna an mhargaidh saothair. Measann úsáideoirí agus páirtithe leasmhara go bhfuil faisnéis agus treoraíocht maidir le scileanna a éilíonn an margadh saothair an- tábhachtach. Soláthraítear uirlisí le Europass freisin a chuidíonn le húsáideoirí machnamh a dhéanamh ar a scileanna agus a suimeanna.

[13] Freagróirí úsáideora agus neamhúsáideora ar an suirbhé as an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeoirsia, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia agus an Úcráin.

Tá naisc ag Europass le roinnt tionscnaimh AE cheana féin, amhail EURES, ESCO, an Creat Eorpach um Cháilíochtaí agus an tSamhail Foghlama Eorpach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar **idir- inoibritheacht** agus **sineirgí** Europass le tairseacha ábhartha AE agus náisiúnta eile, lena n-áirítear seirbhísí treorach náisiúnta.

Tá Europass ábhartha do **chuardach poist** agus freagraíonn sé don ghá atá le faisnéis agus treoraíocht maidir le deiseanna fostaíochta trí rochtain ar uirlis EURES um chuardach poist a sholáthar. Le sineirgí níos láidre idir Europass agus EURES, d'fhéadfaí tionchar an dá ardán a neartú agus tairbhe a dhéanamh do gach úsáideoir.

Ní mór do na Ballstáit agus do thíortha Europass tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun **bunachair sonraí agus cláir um dheiseanna cáilíochta agus foghlama** a fhorbairt. Nascfaí iad sin le hardán Europass tríd an gClár um Thacair Sonraí Cáilíochtaí, ionas go mbeidh an fhaisnéis le fáil d'úsáideoirí Europass.

Dá mba rud é go nglacfadh níos mó páirtithe leasmhara Europass mar **uirlis phróifíle chaighdeánach maidir le foghlaim agus fostaíocht san Aontas** agus i gcomhthéacs **thionscnaimh agus cláir shoghluaisteachta an Aontais** freisin, d'áiritheofaí go n-úsáidfeadh níos mó úsáideoirí deiridh na huirlisí agus na seirbhísí, rud a chruthódh barainneachtaí scála. Neartófaí ábharthacht agus tionchar Europass a thuilleadh leis sin freisin. Thairis sin, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar ghlacadh Europass san earnáil phríobháideach. I dtéarmaí an chumhdaigh gheografaigh, le gníomhaíochtaí cur chun cinn Europass d'fhéadfaí díriú ar thíortha ina bhfuil eolas ar Europass ach ina n-úsáidtear ar bhonn níos lú é. Cé go bhféadfar an buntáiste maidir le tarraingteacht Europass do dhaoine óga a fhorbairt a thuilleadh, le gníomhaíochtaí cur chun cinn d'fhéadfaí díriú ar dhaoine atá os cionn 35 bliana d'aois freisin.

Ní mór cothromaíocht a áirithiú idir tionscnaimh nua an Aontais a chomhtháthú a thuilleadh le Europass (rud a fhágfaidh go mbeidh tuilleadh **castachta** ann) agus soláimhsitheacht an ardáin.

Ionas go mbainfeadh Europass a lánacmhainneacht amach mar ardán le haghaidh bainistiú gairme agus foghlaim ar feadh an tsaoil, d'fhéadfaí feabhas a chur ar fhaisnéis maidir le **gairmthreoir, deiseanna bailíochtaithe agus aitheantas ar cháilíochtaí**, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis atá ar an ardán faoi láthair fós ginearálta. Cheanglófaí go háirithe leis sin naisc ní ba láidre le seirbhísí agus institiúidí náisiúnta.

Tá éifeachtacht faoi leith ag baint le Europass a úsáid mar réiteach chun eolas, scileanna agus inniúlachtaí a chur i láthair ar bhealach caighdeánaithe i gcomhthéacs **soghluaisteachta chun críoch oibre agus foghlama ar fud an Aontais**.

Tá gá soiléir le **bonneagar EDC** a chríochnú agus le **caighdeáin na nDintiúr Digiteach Eorpach le haghaidh Foghlama** a threisiú chun tacú leis na Ballstáit le claochlú digiteach a ndintiúr agus chun idir- inoibritheacht a áirithiú idir ardáin náisiúnta um dhintiúir ar leibhéal an Aontais.

D'fhéadfaí úsáid **anailíse sonraí** agus **intleachta saorga** in Europass a fhorbairt a thuilleadh. Le moltaí pearsantaithe maidir le deiseanna fostaíochta, d'fhéadfaí rannchuidiú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus ganntanais lucht saothair.

Chun feabhas a chur ar sholáimhsitheacht ardán Europass, tá sé tábhachtach tosaíocht a thabhairt do **shaincheisteanna teicniúla a réiteach** sula ndéanfar aon uirlis nua a fhorbairt. Dhéanfadh sé sin an t-ardán níos feidhmiúla, níos feiceálaí, agus níos éasca le húsáid.

D'fhéadfaí forbairtí amach anseo maidir le Europass a chur chun feidhme trí **chur chuige 'inrochtaineacht trí dhearadh'** chun a áirithiú go bhfuil an t-ardán inrochtana don oiread daoine agus is féidir, lena n-áirítear daoine ag a bhfuil leibhéil níos ísle scileanna digiteacha, daoine níos sine, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine faoi mhíchumas. Trí na prionsabail sin a chur chun feidhme, d'fhéadfadh Europass rannchuidiú chun cuimsitheacht agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Chun tionchar agus úsáid Europass a thomhas, d'fhéadfaí **plean faireacháin sonraí** a chur i bhfeidhm agus d'fhéadfaí **suirbhéanna ar shástacht an úsáideora** a dhéanamh go tráthrialta.

Leis an meastóireacht sin is féidir iarrachtaí a dhíriú ar fheabhsuithe a chur chun feidhme a eascraíonn as na ceachtanna sin a foghlaimíodh. Tá roinnt feabhsuithe idir lámha cheana féin. Leis na forbairtí sin agus le forbairtí amach anseo, éileofar tuilleadh iarrachtaí agus gealltanas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.